

LEATHANACH 277

Dé Luain 20 Samhain 2017

X Factor

Bhí an *X Factor* ar siúl Dé Sathairn agus Dé Domhnaigh. Bhí na buachaillí ó Éirinn ag canadh oíche Shathairn. Conor agus Seán Price is ainm dóibh.

Níor éirigh leo áit a fháil sa leathchraobh a bheidh ar siúl an tseachtain seo chugainn. D'fhág siad an clár. Ní bhfuair siad go leor vótaí.

Chan siad an t-amhrán *Issues* le Julia Michaels. Chan Rak-Su a n-amhrán féin *Mona Lisa*. Tá ag éirí go han-mhaith le Rak-Su.

Chan Grace a hamhrán féin freisin - *Hesitate* is ainm don amhrán. Bhí Kevin Davy ar bís toisc gur bhuail sé le Fergie ón mbanna ceoil *Black Eyed Peas*.



Toradh tubaisteach

Dé Máirt seo caite bhí Poblacht na hÉireann ag imirt sacair in aghaidh na Danmhairge i mBaile Átha Cliath.


Bhí áit ag Corn an Domháin ar fáil don bhuaiteoir. Beidh Corn an Domháin ar siúl sa Rúis i mí an Mheithimh seo chugainn.

Thosaigh an cluiche go han-mhaith dúinn. Scóráil Shane Duffy cúl iontach sa séú nóiméad agus bhí an t-atmaisféar sa staid Aviva leictreach!

Ach ansin scóráil an Danmhaig dhá chúl taobh istigh de thrí nóiméad. Bhí fadhb anois ag foireann na hÉireann ach bhí am acu go fóill.

Ní raibh an Danmhaig críochnaithe fós, áfach. Scóráil siad trí chúl eile sa dara leath.

Ar an oíche rinne ár bpeileadóirí cúpla botún, ach bhí na Danmhargaigh níos fearr ná muid. Ach fós, táimid bródúil as na buachaillí sa gheansaí glas.



Sam ag ceiliúradh

Is fear beag dóiteáin é Sam. Is as an Pontypandy sa Bhreatain Bheag é. Tá clú agus cáil air i measc na n-óg. Labhraíonn Sam Breatnais, teanga na Breataine Bige.

Tá na cláir theilifíse le fáil i 155 tír agus i 36 teanga eile freisin, an Béarla ina measc. Tá os cionn aon mhiliún DVD de chuid Sam díolta ar fud an domhain go dtí seo.

Anois tá sé tríocha bliain ó tháinig Sam ar an saol. Is dócha go raibh cáca mór breithlae aige. Ach meas tú conas a mhúch sé na coinne air? Ar shéid sé orthu nó ar chaith sé uisce orthu?!!

